Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**14307/21**

**ESPACE 116**
**MARE 32**
**RECH 537**
**COMPET 864**
**MI 888**
**IND 366**
**ENV 929**
**EU-GNSS 48**
**TRANS 703**
**TELECOM 432**
**ENER 529**
**EMPL 516**
**CSDP/PSDC 607**
**CFSP/PESC 1141**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Samhain 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13843/21 |
| Ábhar: | Spás do chách<br>- Conclúidí ón gComhairle (arna nglacadh an 26/11/2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Spás do chách, a ghlac an Chomhairle ag an 3830ú cruinniú a bhí aici an 26 Samhain 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Spás do chách**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Á MEABHRÚ DI

A. An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh lena mbunaítear inniúlacht de chuid an Aontais sa Spás[1];

B. na conclúidí ón gComhairle maidir le 'straitéis spáis don Eoraip' an 30 Bealtaine 2017[2], inar mhol sí don Choimisiún agus do na Ballstáit oibriú leis na gníomhaithe ábhartha chun nuálaíocht agus forbairt a éascú i gcás feidhmchlár spáis, deiseanna gnó, gníomhaíochtaí for-rochtana chomh maith le hacmhainneacht thionsclaíoch, lena n-áirítear cuideachtaí agus tionscnaimh Spás Nua, FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis;

C. na Conclúidí ón gComhairle maidir leis 'an spás mar chumasóir' an 28 Bealtaine 2019[3], a dearbhaíodh ag an naoú Comhairle um an Spás, inar admhaigh sí an t-athrú ó bhonn atá ag teacht ar thírdhreach an spáis, atá anois ag athrú agus á múnlú ag gníomhaithe nua, amhail tíortha atá gníomhach den chéad uair i gcúrsaí spáis agus go háirithe gníomhaithe príobháideacha nua;

D. na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Spás don Eoraip inbhuanaithe' an 4 Meitheamh 2020[4], ina n-admhaítear an ról lárnach atá ag an spás don fhás inbhuanaithe fadtéarmach, don aistriú digiteach agus don aistriú glas;

[1] Go háirithe Airteagail 4(3) agus 189 de.
[2] 9817/17.
[3] 9713/19.
[4] 8512/20

E. na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Treoshuíomhanna i ndáil leis an rannchuidiú Eorpach chun prionsabail lárnacha a bhunú don gheilleagar domhanda spáis' an 20 Samhain 2020[5], a dearbhaíodh ag an deichiú Comhairle um an Spás, ina gcuirtear chun suntais go gcuireann earnáil spáis na hEorpa ar chumas na hEorpa páirt a ghlacadh i bhfás domhanda gheilleagar an spáis agus cur leis an bhfás sin;

F. an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *'Action Plan on synergies between civil, defence and space industries'* ['Plean Gníomhaíochta maidir le sineirgí idir an tionscal sibhialta, an tionscal cosanta agus tionscal an spáis'] an 22 Feabhra 2021 inar cuireadh i dtábhacht an gá atá le comhlántacht a fheabhsú idir cláir agus ionstraimí ábhartha de chuid an Aontais chun éifeachtúlacht infheistíochtaí agus éifeachtacht na dtorthaí a mhéadú;

G. na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Spás Nua do Dhaoine' an 28 Bealtaine 2021[6], inar cuireadh i bhfios go láidir an tábhacht a bhaineann le Spás Nua d'earnáil spáis an Aontais a bheidh nuálach, athléimneach agus iomaíoch, a thionchar ar gheilleagar na hEorpa agus a chumas freagairt ar riachtanais shaoránaigh na hEorpa, agus dá bhrí sin inar leagadh síos an bonn do chur chuige Eorpach i leith Spás Nua, agus ina n-iarrtar ar an gCoimisiún agus ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh don Chlár Spáis (EUSPA) glacadh seirbhísí spáis a chothú, trí phlean gníomhaíochta;

**I. Réamhrá**

1. AITHNÍONN SÍ na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le clár spáis an Aontais trí réimse fheidhmchláirseirbhísí Galileo agus Copernicus; TUGANN SÍ DÁ hAIRE, áfach, go bhfuil acmhainneachtaí tionsclaíocha earnáil spáis na hEorpa á leithdháileadh go héagothrom; agus AITHNÍONN SÍ go bhfásann líon na FBManna níos tapúla sna tíortha a bhfuil bonn tionsclaíoch spáis seanbhunaithe mór acu ná i dtíortha nach bhfuil bonn tionsclaíoch spáis acu nó ina bhfuil sé teoranta;

[5] 12851/20.
[6] 9163/21.

2. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil na samhlacha gnó tionsclaíocha san éiceachóras spáis á n-athrú ag Spás Nua agus go bhfuil tionchar aige sin ar iomaíochas thionscal na hEorpa; AITHNÍONN SÍ go gcuidíonn Spás Nua le teicneolaíochtaí nuálacha nua a fhorbairt agus go dtéann sé chun tairbhe earnálacha éagsúla; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcuirtear deiseanna nua gnó ar fáil sna Ballstáit uile trí ghníomhaíochtaí iartheachtacha a fhorbairt;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an-chuid dúshlán domhanda os comhair an domhain, amhail an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, saincheisteanna slándála, paindéim Covid-19; agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go gcuidíonn an spás lena mbearta faireacháin agus lena mbearta maolúcháin, rud a chuireann le hathléimneacht na sochaí agus lena hacmhainneacht teacht slán as géarchéimeanna; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil ardacmhainneacht nuálach ag gnólachtaí nuathionscanta, ag FBManna agus ag cuideachtaí meánchaipitlithe; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá iad a áireamh níos fearr in éiceachóras spáis Eorpach ar na deighleoga réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon, lena n-áirítear trí chomhar trasteorann, chun freagairt do dhúshláin dhomhanda na hearnála spáis;

4. AITHNÍONN SÍ go n-éascaíonn an spás, trína chuid sonraí, seirbhísí agus feidhmchláir in go leor earnálacha éagsúla amhail soghluaisteacht, nascacht, talmhaíocht, fuinneamh, airgeadas nó sláinte, an saol sa 21ú haois; agus CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an earnáil spáis ar cheann de na hearnálacha is mó fás san Aontas; ach TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí dáileadh a úsáide agus a thairbhí a fheabhsú chun saoránaigh, institiúidí agus cuideachtaí uile an Aontais a bhaint amach de réir mar is iomchuí;

5. AITHNÍONN SÍ go dtéann forbairtí i dteicneolaíocht an spáis agus úsáid nuálach sonraí, seirbhísí agus feidhmchlár spáis chun tairbhe freisin don tslándáil agus don chosaint agus go gcuireann siad le huathriail straitéiseach an Aontais agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna;

**II. Cur chuige Eorpach i leith Spás Nua ag díriú ar éiceachóras spáis Eorpach éagsúlaithe**

6. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil éiceachóras spáis na hEorpa an-éagsúlaithe le hacmhainneachtaí spáis éagsúla i mBallstáit éagsúla; AITHNÍONN SÍ, mar gheall ar na hathruithe san earnáil spáis atá ag teacht de bharr Spás Nua, gur féidir leis na Ballstáit a bhfuil acmhainní spáis acu atá ag teacht chun cinn a bheith in ann freisin cur le forbairt na dteicneolaíochtaí agus na bhfeidhmchlár spáis; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart do na geallsealbhóirí uile a bheith in ann tairbhe a bhaint as na deiseanna atá ar fáil, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na sochair a bhaineann le hinfheistíochtaí an Aontais san earnáil spáis, agus páirt a ghlacadh i bhforbairt na hearnála spáis agus margaí trasearnálacha;

7. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a tharraingtí atá an earnáil spáis do gheallsealbhóirí éagsúla, ó oll-chomhtháthairí córas, gnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, don saol acadúil agus d'institiúidí taighde, mar atá teicneolaíochtaí spáis ina spreagadh don fhorbairt agus don nuálaíocht; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb é an toradh a bhí ar fhorbairt stairiúil na hearnála spáis, as ar eascair ceannaireacht na hEorpa sa spás, go ndearnadh gníomhaíochtaí a chomhchruinniú i réimsí sonracha den Aontas; AITHNÍONN SÍ gur chun leasa an Aontais é rannpháirtíocht níos cothroime a chothú i dtionscadail spáis ag geallsealbhóirí éagsúla sna Ballstáit uile, bunaithe ar a gcuid saineolais, lena bhforálfar d'fhás cothrom agus lena n-áiritheofar iomaíochas an éiceachórais spáis; agus ADMHAÍONN SÍ na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na Ballstáit agus ag Gníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) i ndáil leis an méid sin;

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá spás do uathriail straitéiseach an Aontais agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna; agus MEASANN SÍ gur cheart don Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt do chumas uathrialach, slán agus costéifeachtúil chun rochtain a fháil ar an spás i ndlúthchomhar lena Bhallstáit agus le GES go háirithe trí sheirbhísí lainseála Eorpacha a úsáid do chlár spáis an Aontais agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú leis an slabhra luacha a choinneáil go príomha san Aontas;

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht ghnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe an Aontais a spreagadh chomh maith le rannpháirtíocht eagraíochtaí taighde i bhforbairt gníomhaíochtaí nua;

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI tionscnamh CASSINI, le Saoráid Cistiúcháin Síl agus Fáis CASSINI faoi InvestEU, lenar cheart rochtain ar chaipiteal fiontair a éascú, tacú le forbairt gnó agus dlús a chur le fás cuideachtaí; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá iarrachtaí an Choimisiúin agus EUSPA, trí CASSINI, chun cur le líon na ngnólachtaí nuathionscanta agus na ngnólachtaí atá i mbun fáis san earnáil spáis i ngach Ballstát, lena ndéantar tráchtálú ar theicneolaíochtaí spáis agus ar sheirbhísí spáis agus, ar an gcaoi sin, lena gcuirtear le teacht chun cinn éiceachóras Eorpach Spás Nua chun fiontraíocht a chothú; agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le cur chuige comhordaithe le gníomhaíochtaí leanúnacha GES agus an cuspóir céanna á shaothrú aige;

11. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé éiceachórais mhaithe thionsclaíocha a fhorbairt agus scileanna a chothú sna Ballstáit i gcomhar le taighde den scoth, tríd an úsáid is fearr is féidir a bhaint as scéimeanna éagsúla cistiúcháin don fhorbairt de chuid an Aontais amhail Ciste Sóisialta na hEorpa, NextGenEU, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

**III. I dtreo Aontas glas inbhuanaithe agus an t-aistriú digiteach, lena gcuimseofar an chibearshlándáil freisin**

12. ADMHAÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag an spás maidir le scála an athraithe aeráide a léiriú agus maidir leis an bpráinn a bhaineann le gníomhú chun a thionchair dhiúltacha a mhaolú; agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá leanúnach atá ann dlúthfhaireachán a dhéanamh ar staid na haeráide agus na bithéagsúlachta agus na teicneolaíochtaí spáis agus na seirbhísí iartheachtacha uile atá ann cheana a úsáid chun aistriú glas gheilleagar an Aontais a chumasú; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá feidhmchláir spáis, seirbhísí spáis agus sonraí spáis a fhorbairt agus a úsáid i ndlúthchomhar le húsáideoirí deiridh, le geallsealbhóirí agus leis an tionscal spáis sna Ballstáit uile;

13. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur féidir an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar aon leis an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Forbraíochta Réigiúnaí agus an Ciste Sóisialta a úsáid chun tacú le forbairt na hearnála spáis sna Ballstáit de réir mar a rannchuidíonn bonneagair spáis, sonraí, seirbhísí agus feidhmchláir leis na trí mhórchritéar incháilitheachta a bhaint amach: gníomhú ar son na haeráide, geilleagar ísealcharbóin agus soghluaisteacht chliste;

14. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá le saineolas atá ann cheana agus saineolas nua a chomhtháthú i réimsí éagsúla den teicneolaíocht shuaiteach atá ag teacht chun cinn amhail intleacht shaorga, teicneolaíochtaí candamacha, róbataic agus blocshlabhra, ar fud shlabhra luacha an spáis, chun an luach is fearr is féidir a thabhairt don tsochaí agus do ghnólachtaí;

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar na roghanna chun córas cumarsáide domhanda spásbhunaithe slán a fhorbairt, córas atá bunaithe ar acmhainní atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo laistigh de chomhpháirt GOVSATCOM, agus lánurraim á tabhairt do bhuiséad chlár spáis an Aontais agus do chur chun feidhme chomhpháirteanna reatha chlár spáis an Aontais;

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé Copernicus a chur chun feidhme go rathúil agus a thábhachtaí atá sé cumas iomlán oibríochtúil Galileo a thabhairt chun críche in am trátha;

17. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir le forbairtí san earnáil spáis, lena n-áirítear Spás Nua, cur go mór le teicneolaíocht úrscothach a fhorbairt a bhfuil gá léi don chibearshlándáil san Aontas agus go bhféadfadh úsáid shineirgeach chomhpháirteanna chlár spáis an Aontais agus tionscnaimh eile amhail EuroQCI a bheith chun tairbhe do bhonneagar criticiúil na mBallstát; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá comhpháirt Fheasacht Staide an Spáis, lena n-áirítear faireachán agus rianú Spáis, maidir leis an mbonneagar spáis atá ann cheana a chosaint;

18. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá ann úsáid inbhuanaithe an chianspáis a áirithiú, agus aird á tabhairt ar an méadú atá ag teacht ar líon na náisiún a saothraíonn an spás agus ar ghníomhaithe nua san earnáil spáis agus ar chur chun feidhme threoirlínte UNCOPUOS maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Fadtéarmach an Chianspáis; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá ann leanúint leis an bplé maidir le Bainistiú Spástráchta (STM) ar an leibhéal polaitiúil, ar an leibhéal dlíthiúil agus ar an leibhéal teicniúil, agus gur gá gníomhaíochtaí a dhéanamh maidir leis an méid sin; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ról atá ag glaonna taighde agus nuálaíochta spriocdhírithe Fís Eorpach ar STM agus ar an acmhainneacht atá ann do mhargadh nua nuálaíochta chun úsáid inbhuanaithe an chianspáis a áirithiú;

**IV. Gníomhaíochtaí tosaíochta**

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar EUSPA agus ar na Ballstáit oibriú chun na naisc idir an earnáil spáis agus an earnáil neamhspáis a neartú, chun ról na dteicneolaíochtaí spáis, na seirbhísí spáis agus na sonraí spáis a chur i dtábhacht chun freagairt ar riachtanais éagsúla beartais agus chun deiseanna a chur ar fáil chun éiceachórais spáis a fhorbairt go comhpháirteach i ngach Ballstát a bhfuil suim acu i bhforbairt den chineál sin;

20. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá tacú le Spás Nua agus leis an ról atá aige in éiceachóras spáis an Aontais, agus cur chuige Spás Nua á shaothrú mar atá leagtha amach sna Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Spás Nua do Dhaoine', agus na gníomhaíochtaí tosaíochta a leagtar amach ann;

21. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar EUSPA tacú le réitigh phragmatacha chun forbairt éiceachórais spáis a chothú sna Ballstáit trí úsáid a bhaint as na beartais agus na cláir atá ann cheana i réimse an spáis, amhail CASSINI nó Fís Eorpach, agus sineirgí a fheabhsú, mar shampla, leis an gCiste Eorpach Cosanta, leis an gClár don Eoraip Dhigiteach agus leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach;

22. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar EUSPA an comhar leis na Ballstáit a threisiú trí ghníomhaíochtaí éagsúla agus trí chur chun cinn chlár spáis an Aontais; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le feasacht a mhúscailt sna Ballstáit maidir le gach uirlis chistiúcháin de chuid an Aontais atá ann cheana agus atá ar fáil chun tionscadail spásbhunaithe a mhaoiniú, e.g. Fís Eorpach, an Ciste Forbraíochta Réigiúnaí agus an Ciste Comhtháthaithe, InvestEU, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, rochtain ar mhaoiniú riosca, comhpháirtíochtaí nuálaíochta trí chistiú ón mBanc Eorpach Infheistíochta; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cabhair í an tacaíocht a thugtar do na Ballstáit chun teicneolaíochtaí, sonraí agus seirbhísí spáis a leabú i mbeartais tionsclaíochta náisiúnta, i gCláir Oibríochtúla Náisiúnta agus i bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta;

23. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ábhartha rialála agus caighdeánaithe chun a áirithiú go nglacfar seirbhísí spáis an Aontais, na gníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh agus, i gcás inar féidir, tacú leis na Ballstáit agus iad ag iarraidh creat dlíthiúil fabhrach a chruthú chun go nglacfar le sonraí agus seirbhísí spáis Eorpacha; agus IARRANN SÍ ar EUSPA, laistigh dá shainchúram, tacú leis an gCoimisiún i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe agus deimhniúcháin.